2026/1717

23.7.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1717 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Iúil 2026

maidir leis na caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le téitheoirí uisce gáis a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) Uimh. 814/2013 agus le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 812/2013 ón gCoimisiún

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoracha 89/686/CEE agus 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 9(2) de Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), maidir le téitheoirí uisce gáis atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe nó le codanna díobh, agus ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, ní mór a mheas go gcomhlíonann siad ceanglais ábhartha uile an bhirt cur chun feidhme is infheidhme lena mbaineann na caighdeáin sin.

(2) I gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2015) 2625 ([3]), d'iarr an Coimisiún ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú chun tacú le cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 814/2013 ([4]) ón gCoimisiún lena leagtar síos ceanglais éicidhearthóireachta maidir le téitheoirí uisce agus umair stórála uisce the agus Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 812/2013 ón gCoimisiún i dtaca le lipéadú fuinnimh téitheoirí uisce, umar stórála uisce the agus pacáistí ina bhfuil téitheoir uisce agus grianfheiste ([5]).

(3) Ar bhonn na hiarrata a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2015) 2625, d'fhoilsigh CEN caighdeáin oiriúnaithe ([6]), an caighdeán EN 13203-1:2025 maidir le téitheoirí uisce go háirithe.

(4) An caighdeán sin EN 13203-1:2025 a dhréachtaigh CEN, rinne an Coimisiún measúnú i gcomhar le CEN féachaint an gcomhlíonann sé iarraidh M/534 an 28 Aibreán 2015.

(5) Leis an measúnú sin, suíodh go gcomhlíonann an caighdeán na ceanglais is aidhm dó a chumhdach, ceanglais a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 814/2013 agus i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 812/2013. Dá bhrí sin, is iomchuí an tagairt don chaighdeán sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj.
([2]) Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat chun na ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí a bhaineann le fuinneamh a shocrú (IO L 285, 31.10.2009, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/125/oj).
([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 27 Aibreán 2015 maidir le hiarraidh ar chaighdeánú ar na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú a mhéid a bhaineann le téitheoirí uisce, umair stórála uisce the agus pacáistí ina bhfuil téitheoir uisce agus grianfheiste chun tacú le Rialachán (AE) Uimh. 814/2013 agus Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 812/2013 [C(2015) 2625].
([4]) Rialachán (AE) Uimh. 814/2013 ón gCoimisiún an 2 Lúnasa 2013 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais éicidhearthóireachta maidir le téitheoirí uisce agus taiscumair uisce the (IO L 239, 6.9.2013, lch. 162, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/814/oj).
([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 812/2013 ón gCoimisiún an 18 Feabhra 2013 lena bhforlíontar Treoir 2010/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le lipéadú fuinnimh téitheoirí uisce, umar stórála uisce the agus pacáistí ina bhfuil téitheoir uisce agus grianfheiste. (IO L 239, 6.9.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2013/812/oj).
([6]) Go sonrach i gcás téitheoirí uisce gáis, d'iarr an Coimisiún ar CEN na caighdeáin EN26:1997, EN 89:1999, EN 13203-2:2006, EN 15036-1:2006 agus aon chaighdeán ábhartha eile a oiriúnú.

(6) Is éard a thugtar le fios le caighdeán comhchuibhithe a chomhlíonadh go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na ceanglais fhíor-riachtanacha chomhfhreagracha, lena n-áirítear na cuspóirí sábháilteachta, a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais ón dáta a foilsíodh an tagairt don chaighdeán sin atá i gceist in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo teacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na caighdeáin chomhchuibhithe maidir le téitheoirí uisce, ar caighdeáin iad a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 814/2013 agus le Rialachán (AE) Uimh. 812/2013, ar sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an gCinneadh seo a liostaítear iad, déanfar na tagairtí do na caighdeáin sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Uimh.	Caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán Tarmligthe (AE) 812/2013
1.	EN 13203-1:2025 Fearais tí ghásadhainte a tháirgeann uisce te - Cuid 1: Measúnú ar fheidhmíocht seachadtaí uisce the

IARSCRÍBHINN II

Uimh.	Caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 814/2013
1.	EN 13203-1:2025 Fearais tí ghásadhainte a tháirgeann uisce te - Cuid 1: Measúnú ar fheidhmíocht seachadtaí uisce the